C/2026/2422

23.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12431 — EURAZEO / NETCO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2422)

1. An 16 Aibreán 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Eurazeo S.E. ('Eurazeo', an Fhrainc),

— NetCo Group ('NetCo', an Fhrainc), atá faoi rialú Ardian faoi láthair.

Gheobhaidh Eurazeo rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Netco ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta atá liostaithe sa Fhrainc é Eurazeo, atá gníomhach in earnálacha éagsúla,

— Is cuideachta Fhrancach é NetCo atá gníomhach i gcothabháil gach cineáil córais iompair, i ndáileadh criosanna iompair agus gabhálas láimhseála, agus i ndearadh agus i gcóimeáil córas iompair tionsclaíoch saincheaptha. Tá Netco gníomhach go príomha sa Fhrainc.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.12431 – EURAZEO / NETCO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.